Coimisiún na Meán

# Ciste Nuálaíochta um Litearthacht sna Meáin le Cur i gCoinne na Bréagaisnéise 2026 (Snáithe B)

## Treoirlínte agus Critéir Iarratais

Dáta Foilsithe:
3 Meán Fómhair 2026

Spriocdháta le haghaidh freagra:
9 Deireadh Fómhair 2026

Public

Clár


| | |
|---|---|
| 1. Réamhrá | 3 |
| 2. Maidir le Coimisiún na Meán | 3 |
| 3. Cad is litearthacht sna meáin ann? | 3 |
| 4. Comhthéacs an Chiste Nuálaíochta um Litearthacht sna Meáin | 4 |
| 5. Cuspóirí | 4 |
| 6. Incháilitheacht | 4 |
| 7. An maoiniú atá ar fáil agus samplaí | 5 |
| 8. Cad iad na riachtanais chun iarratas a dhéanamh? | 5 |
| 9. An próiseas iarratais/Cad a tharlaíonn tar éis dom m'iarratas a chur isteach? | 6 |
| 10. Measúnú Cáilíochtúil | 6 |
| 11. Measúnú Straitéiseach | 8 |
| 12. Riachtanais le haghaidh iarratais rathúla | 8 |
| 13. An Tuarascáil Deiridh | 9 |
| 14. Leideanna agus Nodanna | 10 |

## 1. Réamhrá

Tá Coimisiún na Meán (An Coimisiún) ag lorg iarratas ar mhaoiniú deontais le haghaidh tionscnaimh litearthachta sna meáin faoina Chiste Nuálaíochta um Litearthacht sna Meáin le Cur i gCoinne na Bréagaisnéise.

Tá €100,000 san iomlán ar fáil chun eagraíochtaí a mhaoiniú ar féidir leo gníomhaíochtaí litearthachta sna meáin a chur ar fáil i gcomhréir leis an Straitéis Náisiúnta Frith-Bhréagaisnéise (NCDS), a foilsíodh an 17 Aibreán 2025. Is é seo an dara ceann de dhá ghlao a eisíodh in 2026. Tá Snáithe A agus Snáithe B i gceist leis an nglao seo ar iarratais.

Féachfar i Snáithe A le micridheontais a chur ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí pobalbhunaithe litearthachta sna meáin, agus luach na ndeontas idir €500 agus uasmhéid €3,000 in aghaidh an iarratais. Más mian leat iarratas a dhéanamh ar thionscadal Micri-chiste, déan cinnte go dtagraíonn tú d'Fhoirm Iarratais agus do Threoirlínte Shnáithe A.

Féachfar i Snáithe B le deontais suas le huasmhéid €25,000 in aghaidh an iarratais a chur ar fáil do thionscadail nuálaíochta chomhoibríocha.

Tá Snáithe B dírithe ar iarratais ó chuibhreannas ar bith ina bhfuil dhá chomhlacht nó níos mó. Ba cheart an maoiniú a fhaightear a úsáid chun cur i gcoinne na bréagaisnéise trí ghníomhaíochtaí litearthachta sna meáin ar an leibhéal réigiúnach nó náisiúnta. (Féach an roinn 'An maoiniú atá ar fáil' thíos)

Tugtar cuntas thíos ar eolas cúlra, sonraí maidir leis an gCoimisiún agus lena chuid feidhmeanna reachtúla, breac-chuntas ar riachtanais incháilitheachta agus nósanna imeachta a bhaineann le hiarratas a chur isteach.

Is é 12 meán lae **9 Deireadh Fómhair 2026** an spriocdháta chun iarratais a fháil. Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha ná le hiarratais neamhiomlána.

## 2. Maidir le Coimisiún na Meán

Is é Coimisiún na Meán gníomhaireacht na hÉireann chun tírdhreach meán atá rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a fhorbairt agus a rialú. Bunaíodh é faoi fhorálacha an Achta um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022, an 15 Márta 2023. I measc a chuid freagrachtaí tá:

- an córas rialála um shábháilteacht ar líne a chur chun feidhme
- craoltóirí agus soláthraithe seirbhísí físeáin ar éileamh a rialáil
- tacú le hearnáil na meán i gcoitinne

## 3. Cad is litearthacht sna meáin ann?

Is ionann litearthacht sna meáin agus sraith thábhachtach scileanna chomh maith le heolas a bhíonn de dhíth ar dhuine chun a b(h)ealach a dhéanamh trí thimpeallacht chasta faisnéise. I gcroílár na litearthachta sna

meáin tá an cumas ábhar meán a thuiscint agus a mheas go criticiúil – is cuma cén fhoinse atá aige – chun cinneadh eolasach a dhéanamh faoi úsáid na meán. Baineann na scileanna smaointeoireachta criticiúla sin go dlúth le hionracas faisnéise a chaomhnú agus táthar ag aithint de réir a chéile gur uirlis í an litearthacht sna meáin chun gníomhú in aghaidh na bréagaisnéise. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi litearthacht sna meáin, tabhair cuairt ar Litearthacht sna Meáin in Éirinn, Bí Eolach ar na Meáin, an Beartas Litearthachta sna Meáin agus Coimisiún na Meán.

## 4. Comhthéacs an Chiste Nuálaíochta um Litearthacht sna Meáin

Sa Straitéis Náisiúnta Frith-Bhréagaisnéise (NCDS), a d'fhoilsigh an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt an 17 Aibreán 2025, leagtar béim ar chur chun cinn na litearthachta sna meáin agus na mbunscileanna criticiúla mar shásra tábhachtach chun cur i gcoinne na bréagaisnéise. Mar chuid de Bhuiséad 2026, leithdháileadh €1.1 milliún chun tacú le cur chun feidhme na straitéise trí thionscnaimh lena n-áirítear taighde, litearthacht sna meáin agus seiceáil fíricí. Tá seoladh an Chiste Nuálaíochta um Litearthacht sna Meáin le Cur i gCoinne na Bréagaisnéise mar chuid de chur chun feidhme na straitéise. Is é aidhm an Chiste Nuálaíochta um Litearthacht sna Meáin le Cur i gCoinne na Bréagaisnéise tacú le cuibhreannas ina bhfuil dhá chomhlacht nó níos mó a bhfuil togra acu maidir le cur chuige nuálaíoch chun cur i gcoinne na bréagaisnéise in Éirinn trí litearthacht sna meáin.

## 5. Cuspóirí

Dáilfidh Coimisiún na Meán maoiniú chun tacú le gníomhaíochtaí litearthachta sna meáin i gcomhréir leis an NCDS, faoi Ghealltanas 4 'cur chuige fad saoil a ghlacadh i leith cumas litearthachta sna meáin a thabhairt do gach saoránach'. Ba cheart go gcuideodh na gníomhaíochtaí le gníomhú in aghaidh na bréagaisnéise:

- Trí theacht aniar agus muinín a chothú ar leibhéal an duine aonair agus leibhéal na sochaí agus/nó
- Trí níos mó comhoibrithe, comhair agus comhordaithe agus/nó
- Trí fhrithbhearta agus idirghabhálacha bunaithe ar fhianaise

## 6. Incháilitheacht

Ní mór do thograí incháilithe:

- comhoibriú a léiriú idir dhá chomhpháirtí ar a laghad atá bunaithe in Éirinn nó san Aontas Eorpach ***agus***
- cuntas teiste cruthaithe a léiriú maidir le seachadadh tionscadal nó tionscnamh comhchosúil a bhainistiú, ***agus***
- gné nuálaíoch a bheith acu. (Ba cheart an nuálaíocht a thuiscint sa chiall is leithne agus féadfar nuálaíocht theicniúil agus nuálaíocht sa seachadadh, sa mhodheolaíocht nó i gcomhpháirtíochtaí a áireamh inti).

Níl daoine aonair **incháilithe** chun iarratas a chur isteach.

## 7. An maoiniú atá ar fáil agus samplaí

Tá sé d'aidhm ag an gciste seo tacú le heagraíochtaí gníomhaíochtaí comhoibríocha litearthachta sna meáin atá dírithe ar chur i gcoinne na bréagaisnéise a chur ar fáil, agus deontais suas le huasmhéid €25,000 in aghaidh an iarratais á gcur ar fáil.

Tá roinnt gníomhaíochtaí féideartha leagtha amach thíos. Ní liosta uileghabhálach é seo:

- Cláir phíolótacha, imeachtaí, gníomhaíochtaí agus sraith ceardlann maidir le litearthacht sna meáin agus fíorú faisnéise chun scileanna smaointeoireachta criticiúla a chur chun cinn.
- Staidéar taighde atá dírithe ar úsáid gníomhaíochtaí litearthachta sna meáin chun cur i gcoinne na bréagaisnéise agus réimsí gaolmhara.

I measc **samplaí de ghníomhaíochtaí nach féidir tacú leo faoin nglao seo** tá gníomhaíochtaí nach bhfuil fócas litearthachta sna meáin acu nó nach bhfuil gné nuálaíoch ná comhpháirt nua acu (m.sh. spriocphobal nua a bhaint amach nó foilseachán, acmhainn nó staidéar nua a sheoladh).

D'fhéadfadh costais phearsanra (m.sh. le haghaidh oiliúnóirí, taighdeoirí, cainteoirí agus éascaitheoirí), priontáil, lónadóireacht, tae/caife do rannpháirtithe, costais taistil, táillí cuntasaíochta agus, in imthosca sonracha teoranta, costais chaipitil a bheith san áireamh i **gcostais incháilithe.**

## 8. Cad iad na riachtanais chun iarratas a dhéanamh?

- Iarratas amháin a chur isteach ina léirítear comhoibriú idir dhá chomhpháirtí ar a laghad.
- Foirm iarratais atá comhlánaithe ina hiomláine; ní mór gach roinn a chomhlánú.
- Dearbhú sínithe lena léirítear go bhfuil Treoirlínte ábhartha an Chiste Nuálaíochta um Litearthacht sna Meáin le Cur i gCoinne na Bréagaisnéise d'Iarratasóirí léite ag gach iarratasóir agus go dtuigeann siad iad (cuid den fhoirm iarratais).
- Dearbhú sínithe maidir le Saoráil Faisnéise agus Faisnéis Íogair (cuid den fhoirm iarratais).
- Nochtadh sínithe maidir le Coinbhleachtaí Leasa (cuid den fhoirm iarratais).
- Litir ghealltanais shínithe ón eagraíocht chomhpháirtíochta/ó na heagraíochtaí comhpháirtíochta.
- Ní mór iarratais, agus na ceangaltáin i bhformáid PDF, a chur isteach trí ríomhphost chuig usereducation@cnam.ie.
- Ní mór go bhfaighfear gach iarratas faoin spriocdháta seo a leanas: meán lae **9 Deireadh Fómhair 2026. Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha ná le hiarratais neamhiomlána**.
- Ba cheart a léiriú san iarratas conas a thacóidh an tionscnamh le forbairt scileanna litearthachta sna meáin chun cuidiú le cur i gcoinne na mífhaisnéise agus na bréagaisnéise (féach Caibidil 4 den NCDS).
- Breithneofar agus comhaontófar dátaí críochnaithe na ngníomhaíochtaí ar bhonn cás ar chás, ach ní mór na gníomhaíochtaí a chur i gcrích laistigh de 12 mhí ar a mhéad ó dhéanamh an chonartha.

## 9. An próiseas iarratais / Cad a tharlaíonn tar éis dom m'iarratas a chur isteach?

- Cuireann tú iarratas comhlánaithe isteach faoin spriocdháta.
- Chun a chinntiú go bhfuil an t-iarratas incháilithe do mhaoiniú faoin gclár, seiceálfar é lena dheimhniú gur comhlíonadh na critéir íosta agus gur cuireadh isteach an doiciméadacht/an fhaisnéis riachtanach uile. Féach thuas le haghaidh tuilleadh sonraí.
- Déanfaidh Coimisiún na Meán measúnú ar na hiarratais. Déanfaidh painéal saineolaithe measúnú ar na hiarratais a fhaightear faoin spriocdháta sonraithe agus a chomhlíonann na critéir incháilitheachta atá leagtha amach. Féach thíos le haghaidh tuilleadh sonraí.
- Cuirfidh Coimisiún na Meán maoiniú ar fáil do na tionscadail is airde scór a chomhlíonann na critéir.
- Déanfaidh Coimisiún na Meán conradh leat. Féach thíos le haghaidh sonraí. Beidh ort deimhniú cánach a sheoladh ag an gcéim seo.
- Cuirfidh tú an tionscnamh ar fáil mar atá leagtha amach sa chonradh.
- Cuireann tú Tuarascáil Deiridh nach faide ná 10 leathanach isteach trí ríomhphost. Féach thíos le haghaidh sonraí.

## 10. Measúnú Cáilíochtúil

Déantar measúnú ar gach iarratas de réir a fhiúntais féin i gcomhthéacs na gcritéar measúnaithe thíos.

| Critéir an Mheasúnaithe | Pointí le cur san áireamh | Marcanna ar fáil % | Scór íosta riachtanach % |
|---|---|---|---|
| **An ghníomhaíocht atá beartaithe leis an spriocghrúpa**:<br><br>An cumas atá ag an tionscadal tacú le forbairt scileanna litearthachta sna meáin d'fhonn cur i gcoinne na bréagaisnéise mar atá leagtha amach sa NCDS. | • An bhfuil an togra dea-fhorbartha agus áititheach? An bhfuil cur síos soiléir déanta air, agus an bhfuil sé réalaíoch agus indéanta?<br>• An bhfuil an spriocghrúpa sainithe go soiléir? An bhfuil sé soiléir cén fáth ar roghnaíodh an spriocghrúpa seo? An bhfuil fianaise ar riachtanas curtha ar fáil?<br>• An dtacaíonn an tionscadal le forbairt scileanna litearthachta sna meáin d'fhonn cur i gcoinne na bréagaisnéise mar atá leagtha amach sa NCDS?<br>• An bhfuil an ghníomhaíocht inrochtana agus cuimsitheach, | 20 | 12 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | agus tacaíocht ar fáil do dhaoine a bhfuil bacainní rompu maidir le páirt a ghlacadh? | | |
| **Nuálaíocht agus comhoibriú**:<br><br>Cad a fhágann go bhfuil an tionscadal nuálach? Cén breisluach a bhaineann leis an gcomhoibriú? | • Cad a fhágann go bhfuil an tionscadal nuálach? An bhfuil cur síos áititheach déanta ar an ngné nuálach?<br>• Cé atá páirteach ann agus cén ról atá acu? An iad baill an chuibhreannais na comhpháirtithe cearta chun an tionscadal a chur i gcrích? Cén breisluach a bhaineann leis an gcomhoibriú? | 25 | 15 |
| **Amscála agus bainistíocht tionscadail**: | • An t-achar ama a mbaineann an ghníomhaíocht bheartaithe leis, an bhfuil sé siúd réalaíoch?<br>• An bhfuil an próiseas bainistíochta tionscadail réalaíoch?<br>• An bhfuil an scil agus/nó an taithí shásúil ag an mbainisteoir tionscadail beartaithe?<br>• An bhfuil dóthain foirne agus acmhainní leithdháilte? An bhfuil próisis leordhóthanacha rialaithe cáilíochta agus measúnaithe riosca i bhfeidhm? | 15 | 9 |
| **Miondealú ar an mbuiséad**: | • Ar chuir an t-iarratasóir buiséad soiléir mionsonraithe isteach atá réalaíoch agus indéanta?<br>• An léirítear go héifeachtach san iarratas go mbainfear luach ar airgead amach? | 15 | 9 |
| **Pearsanra**:<br>Taithí ábhartha agus cuntas teiste an iarratasóra maidir leis | • An bhfuil cáilíochtaí agus taithí an phearsanra oiriúnach don tionscadal atá beartaithe? | 15 | 9 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| an ngníomhaíocht atá beartaithe. | | | |
| **Athbhreithniú agus meastóireacht ar an tionscadal**:<br><br>Tiomantas d'athbhreithniú cuimsitheach ar an tionscadal a chur ar fáil, lena n-áirítear meastóireacht/aiseolas. | • An gcuimsítear leis an tionscadal cur chuige maidir le hathbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh air trí aiseolas a bhailiú/meastóireacht a dhéanamh/Tuarascáil Deiridh a chur ar fáil/cleachtais agus ceachtanna a foghlaimíodh a roinnt.<br>• An bhfuil na modhanna meastóireachta a úsáidfear chun torthaí a thomhas leagtha amach go soiléir? | 10 | 6 |
| **Iomlán** | | **100** | **60** |

## 11. Measúnú Straitéiseach

I gcásanna ina bhfuil níos mó iarratas cáilitheach ná cistí ar fáil, beidh an dara céim mheastóireachta ann.

D'fhéadfadh an spriocphobal, raon an tionscnaimh, comhoibriú le heagraíocht/eagraíochtaí eile, nuálaíocht, inbhuanaitheacht agus inscálaitheacht a bheith san áireamh sna critéir don mheasúnú straitéiseach.

## 12. Riachtanais le haghaidh iarratais rathúla

**Conradh:** Tá gach tairiscint ar Mhaoiniú ón gCiste Nuálaíochta um Litearthacht sna Meáin le Cur i gCoinne na Bréagaisnéise faoi réir an t-iarratasóir glacadh go foirmiúil leis an tairiscint agus comhaontú/conradh a dhéanamh le Coimisiún na Meán laistigh de na tréimhsí ama a shonróidh an Coimisiún agus tráth nach déanaí ná an dáta a bhfuil an t-imeacht nó an ghníomhaíocht urraithe le reáchtáil.

Ar chonradh a chur i gcrích, íocfar tráinse tosaigh den mhaoiniú litearthachta sna meáin a leithdháileadh. Chun an chuid eile den mhaoiniú a tharraingt anuas, ní mór d'iarratasóirí téarmaí an chonartha a chomhlíonadh ina n-iomláine. Cuimsítear leis na ceanglais go gcuirfí na táirgí insoláthartha riachtanacha ar fad atá leagtha amach sa chonradh isteach ar chaighdeán sásúil.

Féadfar tairiscintí maoinithe a tharraingt siar mura dtéann iarratasóir rathúil i dteagmháil leis an gCoimisiún chun conradh a thabhairt chun críche roimh an imeacht/ngníomhaíocht atá beartaithe agus de réir na dtréimhsí ama comhaontaithe.

Ina theannta sin, tabhair an méid seo a leanas faoi deara:

**Tarraingt anuas an mhaoinithe:** Go ginearálta, íocfar maoiniú an Chiste Nuálaíochta um Litearthacht sna Meáin le Cur i gCoinne na Bréagaisnéise ina dhá thráinse agus comhaontófar céatadán an mhaoinithe i ngach tráinse le linn chaibidlíocht an chonartha/an chomhaontaithe idir an t-iarratasóir rathúil agus Coimisiún na Meán. Mar threoir ghinearálta, meastar go mbeidh an chéad tráinse maoinithe idir 60% agus 80%.

**Cuntas bainc:** Ní fhéadfar maoiniú a eisiúint ach chuig cuntas bainc ar leith don tionscnamh. Ní mór an t-ainm ar an gcuntas bainc a bheith ag teacht leis an iarratasóir rathúil, agus ní mór litir gan aon fhritháireamh ón mbanc ábhartha a bheith ag teastáil.

**Cuntasaíocht**: Faoi chonradh urraíochta Choimisiún na Meán, tá dualgas ar iarratasóirí a n-éiríonn leo úsáid a bhaint as caighdeán cuntasaíochta MTS 45 agus iad ag ullmhú na ráiteas costais deiridh don imeacht/ghníomhaíocht urraithe. Ní féidir an tráinse deiridh den mhaoiniú urraíochta a eisiúint dá uireasa seo.

**Imréiteach cánach:** Ní mór d'iarratasóirí rathúla uimhreacha rochtana cánach agus uimhreacha tagartha cánach a chur faoi bhráid Choimisiún na Meán chun comhlíonadh cánach a léiriú sula bhféadfar aon mhaoiniú ón gCiste Nuálaíochta um Litearthacht sna Meáin le Cur i gCoinne na Bréagaisnéise a eisiúint.

**CBL**: Ní mór d'iarratasóirí rathúla atá cláraithe le haghaidh CBL sonraisc bhailí CBL a eisiúint chuig Coimisiún na Meán chun maoiniú ón gCiste Nuálaíochta um Litearthacht sna Meáin le Cur i gCoinne na Bréagaisnéise a fháil.

**Saoráil Faisnéise:** Tá Coimisiún na Meán faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014. Faoin Acht sin, féadfaidh go gcuirfidh Coimisiún na Meán faisnéis a sholáthraíonn tú féin i d'iarratas nó le linn thréimhse do chonartha ar fáil do dhaoine eile arna iarraidh sin. Geallann Coimisiún na Meán, áfach, go gcoinneoidh sé faoi rún aon fhaisnéis a chuireann tú ar fáil, a luaithe a shainaithníonn tú í mar fhaisnéis atá íogair ó thaobh tráchtála de, faoi réir oibleagáidí Choimisiún na Meán faoin dlí, lena n-áirítear an tAcht um Shaoráil Faisnéise.

**Cosaint Sonraí:** Cloífidh Coimisiún na Meán lena oibleagáidí faoin mBille um Chosaint Sonraí, 2018 agus aon dlí agus rialachán infheidhme eile a bhaineann le príobháideacht sonraí.

**Mionaoisigh:** Má bhaineann an ghníomhaíocht le mionaoisigh, lorgóidh Coimisiún na Meán dearbhuithe agus fianaise go mbeidh bearta cuí cosanta i bhfeidhm má bhronntar maoiniú ar an tionscnamh.

## 13. An Tuarascáil Deiridh

Is gné lárnach den Chiste Nuálaíochta um Litearthacht sna Meáin le Cur i gCoinne na Bréagaisnéise í an Tuarascáil Deiridh. Is é cuspóir na Tuarascála Deiridh cuntas a thabhairt ar na gníomhaíochtaí agus ar an meastóireacht a rinneadh. Ba cheart di tagairt siar do na tograí a d'fhormheas an Coimisiún agus a leagtar amach san Fhoirm Iarratais, agus léargas foriomlán a thabhairt ar an ngníomhaíocht agus ar an tionchar a bhí aici ar an spriocghrúpa. Níor cheart don tuarascáil a bheith níos faide ná 10 leathanach, cé go bhféadfar aguisíní a chur léi (m.sh. teimpléid suirbhé, táblaí, grianghraif).

Ar a laghad, ba cheart an fhaisnéis seo a leanas a thabhairt inti:

- Cérbh é an spriocphobal?
- Cén aidhm a chuir an tionscnamh roimhe? Cé a bhí páirteach sa ghníomhaíocht? Cé leis ar chomhoibrigh tú? Cé na heagraíochtaí comhpháirtíochta a bhí páirteach?
- Cad iad na gníomhaíochtaí a reáchtáladh? Tabhair sonraí faoi na gníomhaíochtaí, lena n-áirítear líon na rannpháirtithe agus líon na n-imeachtaí, agus naisc chuig aon staidéar nó taighde más infheidhme.
- Conas a thacaigh an ghníomhaíocht le forbairt scileanna agus inniúlachtaí litearthachta sna meáin?
- Cad é do mheasúnú ar ghné nuálach an tionscnaimh?
- Cad iad na príomhdhúshláin, na príomhcheachtanna agus cad a dhéanfá ar bhealach difriúil an chéad uair eile?

Ní mór sonraí cruinne faoi na costais uile a tabhaíodh agus faoin gcaoi ar úsáideadh an maoiniú a bheith sa Tuarascáil Deiridh freisin. Cuirtear an fhaisnéis sin isteach sa ráiteas iniúchta/ráiteas costais, mar aon le cóip den sonrasc agus aon admhálacha. Ní mór do chuntasóir neamhspleách é seo a shíniú.

**Cuimhnigh:**

- Ní mór Foirm na Tuarascála Deiridh a chur faoi bhráid Choimisiún na Meán faoin spriocdháta sonraithe.
- Is coinníoll maoinithe é an doiciméadacht deiridh faoin tionscadal a chur isteach.
- Mura gcuireann tú do Thuarascáil Deiridh isteach faoin spriocdháta, tá an baol ann go gcaillfidh tú d'íocaíocht deiridh.

## 14. Leideanna agus Nodanna

- Cuir eolas ar an mBeartas Litearthachta sna Meáin agus ar leathanach 27 den Straitéis Náisiúnta Frith-Bhréagaisnéise (NCDS).
- Bí soiléir agus beacht; tá fáilte roimh phointí le hurchair; dá laghad é is amhail is fearr é go minic.
- Tabhair breac-chuntas soiléir ar na tascanna uile agus ar na costais ghaolmhara.
- Bí soiléir faoin méid is mian leat a bhaint amach agus faoi do spriocghrúpa.
- Seiceáil go bhfuil gach roinn den Fhoirm Iarratais comhlánaithe sula gcuirtear isteach í.
- Smaoinigh ar theagmháil a dhéanamh le Litearthacht sna Meáin, Éire (MLI) sula ndéanfaidh tú iarratas. D'fhéadfadh MLI cabhrú leat acmhainní iontaofa a shainaithint nó tú a threorú chuig eagraíochtaí eile atá i mbun obair den chineál céanna nó obair chomhlántach.
- Smaoinigh ar chuairt a thabhairt ar shuíomhanna gréasáin Litearthacht sna Meáin, Éire agus Bíodh Tuiscint Agat ar na Meáin chun teacht ar acmhainní a thacaíonn le forbairt scileanna litearthachta sna meáin agus ar shamplaí de ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh cabhrú le do thionscadal.

- Tá súil le meastóireacht chuimsitheach ar an tionscadal agus ar chineál nuálach an tionscadail.

- Smaoinigh ar chuairt a thabhairt ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Meán.

- Iarr cúnamh más gá. Tá foireann Litearthachta sna Meáin agus Oideachais Úsáideoirí Choimisiún na Meán ar fáil chun aon cheisteanna faoin gCiste seo a fhreagairt. Chun teagmháil a dhéanamh linn, seol ríomhphost chuig usereducation@cnam.ie.

- Reáchtálfar seimineár gréasáin an 16 Meán Fómhair 2026 chun an próiseas iarratais a phlé agus aon cheisteanna ginearálta a fhreagairt.